C/2025/768

11.2.2025

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

An Daonlathas san Afraic: an staid reatha agus ionchais don am atá le teacht — Cén ról atá le himirt ag CESE?

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2025/768)

Rapóirtéir: **Carlos Manuel TRINDADE**

Comhairleoir	Paulo Pedroso
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	18.1.2024
Bunús dlí	Airteagal 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
An rannóg atá freagrach	An Rannóg um Chaidreamh Seachtrach
Dáta a glactha sa rannóg	12.11.2024
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	4.12.2024
Seisiún iomlánach Uimh.	592
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	167/0/2

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Creideann CESE gurb é atá i gceist leis an daonlathas urraim do chearta an duine, institiúidí láidre, scaradh na gcumhachtaí, an smacht reachta agus neamhspleáchas na mbreithiúna a ráthú, saorthoghcháin chóra a bheith ann, cuntasacht do na saoránaigh, an ceart chun rannpháirtíocht iomlán a fháil agus an comhrac i gcoinne an idirdhealaithe.

1.2. Aithníonn CESE agus aontaíonn sé le dearcadh na Náisiún Aontaithe gur gné bhunriachtanach de choincheap foriomlán an daonlathais é feidhmiú na cumhachta atá bunaithe ar urraim do thoil an phobail. Cuirtear an méid sin in iúl sa bhrollach a ghabhann le Cairt na Náisiún Aontaithe, a tugadh i gcrích in ainm na bpobal agus a shaothraítear trí na bunphrionsabail a leagtar amach sa Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla lena gcumhdaítear ceart féinchinntiúcháin na bpobal agus lena gceanglaítear ar na stáit cearta sibhialta agus polaitiúla a chosaint do gach duine aonair laistigh dá gcríoch atá faoi réir a ndlínse, gan idirdhealú a dhéanamh ar bhonn cine, cneasdatha, gnéis, teanga, reiligiúin, tuairimí polaitiúla nó tuairimí eile, tionscnaimh náisiúnta nó shóisialta, rachmais, breithe nó ar bhonn aon stádais eile.

1.3. Creideann CESE go láidir nach mór don Aontas Eorpach, ina chuid réimsí gníomhaíochta uile, na prionsabail seo a leanas a chur chun cinn:

— cearta an duine, faoi mar atá ceadaithe i nDearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine na Náisiún Aontaithe (1948);

— luachanna an Aontais Eorpaigh, rud atá cumhdaithe san fhoráil atá i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (2000/C-364/01) agus i gConarthaí an Aontais;

— comhlíonadh choinbhinsiúin bhunúsacha na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS).

1.4. Is mór ag CESE tacaíocht an Aontais Afracaigh do luachanna an daonlathais, faoi mar a chuir siad in iúl sa ghníomh bunaidh, eadhon prionsabail an daonlathais agus institiúidí daonlathacha, rannpháirtíocht an phobail agus an dea-rialachas a chur chun cinn, chomh maith le cearta an duine agus cearta na bpobal a chur chun cinn agus a chosaint, i gcomhréir le Cairt na hAfraice um Chearta an Duine agus um Chearta Pobal agus le hionstraimí ábhartha eile maidir le cearta an duine. Is díol sásaimh don Choiste freisin tiomantas an Aontais Afracaigh do chur chun cinn an daonlathais, faoi mar a leagtar amach sa Chairt Afracach um Dhaonlathas, um Thoghcháin agus um Rialachas. Tugann sé dá aire agus is díol sásaimh dó go leagtar an-bhéim i gClár Oibre 2063 an Aontais Afracaigh ar ghealltanais maidir le dea-rialachas, daonlathas, urraim do chearta an duine, ceartas agus an smacht reachta.

1.5. Is díol sásaimh do CESE an méid atá ag titim amach san Afraic i réimse an daonlathais agus is díol sásaimh dó go bhfuil saoránaigh na hAfraice ag teacht le chéile chun é a fhorbairt agus gur mó tacaíocht a chuireann an daonra ar fáil ar an mór-roinn chéanna ná an tacaíocht a chuirtear ar fáil in go leor áiteanna eile ar domhan, cé go bhfuil creimeadh áirithe déanta air le deich mbliana anuas.

1.6. Tugann CESE dá aire, áfach, gur gá ról na bparlaimintí a neartú i roinnt mhaith tíortha san Afraic agus gur gá gníomhaíocht a dhéanamh chun muinín an phobail i bhfeidhmiú an daonlathais a mhéadú.

1.7. Ós rud é go bhfuil nasc láidir idir an tsíocháin, an tslándáil, an chobhsaíocht, an fás eacnamaíoch, an dul chun cinn sóisialta agus an daonlathas, molann CESE an tAontas Afracach as an ról cinntitheach atá aige maidir leis an nasc sin a chur chun cinn i slabhra na forbartha daonlathaí. Cuireann sé in iúl nach féidir le hinstitiúidí fornáisiúnta feidhmiú go héifeachtach gan comhar iomlán agus tiomantas iomlán a mballstát agus a gceannairí polaitiúla. Creideann sé freisin go bhfuil sé fíorthábhachtach rannpháirtíocht agus comhar stáit na hAfraice leis an Aontas Afracach a neartú chun go mbeidh ról níos éifeachtaí ag an Aontas Afracach. Creideann sé freisin go bhfuil sé fíorthábhachtach rannpháirtíocht agus comhar stáit na hAfraice leis an Aontas Afracach a neartú chun go dtabharfaidh an tAontas Afracach faoin misean atá aige ar bhealach níos éifeachtaí.

1.8. Is eol do CESE gur dúshlán é dílárú na cumhachta, dúshlán lena n-éilítear acmhainní a chur ar fáil agus institiúidí a chumhachtú. Iarrann sé ar na hinstitiúidí Eorpacha dlús a chur leis an gcomhar maidir leis an daonlathas a fhorbairt agus maidir le muinín agus rannpháirtíocht an phobail a mhéadú.

1.9. Measann sé gur cheart a chur san áireamh sa chur chuige Eorpach maidir le daonlathas a fhorbairt san Afraic na castachtaí atá ann sa mhór-roinn sin a mhéid a bhaineann le forbairt eacnamaíoch, rud ba cheart a dhéanamh ar bhealach a fhágann go bhfuil an dá thaobh ar aon stádas lena chéile, le dul chun cinn sóisialta, leibhéal forbartha an bhonneagair chriticiúil, éagsúlachtaí agus leasanna geopholaitiúla agus straitéiseacha de, agus an creat don chaidreamh idir an tAontas agus mór-roinn na hAfraice á urramú ag an am céanna.

1.10. Measann CESE nár thug an tAontas Eorpach aird a dóthain ar ról geopholaitiúil na hAfraice. Ceann de na tosca a chuir leis an easnamh sin ab ea iompar místuama roinnt de na Ballstáit agus na laigí a bhí ann dá bharr sin in iompar chomhbheartas seachtrach an Aontais, rud is cúis le treocht atá fíorthábhachtach chun é a aisiompú.

1.11. Is maith a thuigeann CESE gur iomaí bagairt atá ann don daonlathas san Afraic idir inmheánach agus seachtrach. Is amhlaidh atá go seachtrach de dheasca tíortha ar beag leo neartú an daonlathais, tíortha a bhfuil ag méadú ar a gcuid cumhachta. Is amhlaidh atá go hinmheánach arae is leochaileach atáthar ar an éilliú, idir chleachtadh an éillithe agus an géilleadh a dhéantar dó.

1.12. Creideann CESE, sa chomhthéacs sin, go bhfuil an straitéis Global Gateway, a seoladh in 2021, ríthábhachtach do chaidreamh an Aontais leis an Afraic, agus athdhearbhaíonn sé, mar a luaitear sa tuairim uaidh ([1]), go mbeidh sé in ann, tríd an tionscnamh seo, a naisc eacnamaíocha agus pholaitiúla lena thíortha comhpháirtíochta a neartú, lena n-áiritheofar go n-urramófar a prionsabail dhaonlathacha agus shóisialta agus, ag an am céanna, go mbeidh sé in ann aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an iomaíocht dhomhanda i soláthar bonneagair. Athdhearbhaíonn sí freisin nach mór cláir infheistíochta na straitéise sin a bheith bunaithe ar mheasúnuithe tionchair agus nach mór gnéithe a bhaineann le dúshláin gheopholaitiúla agus straitéiseacha, rannpháirtíocht dhaonlathach agus inbhuanaitheacht eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil tionscadal a chur san áireamh iontu.

1.13. Tá CESE suite de gur féidir leis, in éineacht le hionadaithe aitheanta ó shochaí shibhialta na hAfraice (ardáin, fóraim agus oibrithe deonacha) agus leis na comhpháirtithe sóisialta, rannchuidiú le luachanna daonlathacha a chur chun cinn agus le cearta an duine agus réimis dhaonlathacha a chosaint san Afraic, agus Comhaontú Shamó á chur san áireamh.

([1]) IO C, C/2024/1574, 5.3.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/C/2024/1574/oj?eliuri=eli%3AC%3A2024%3A4062%3Aoj&locale=ga.

1.14. I bhfianaise Chomhaontú Shamó, lena bhforáiltear do shásraí institiúideacha chun spás struchtúrtha a chur ar fáil do rannpháirtíocht na sochaí sibhialta trí idirphlé sibhialta agus sóisialta, tá na dálaí cearta á gcruthú ag CESE chun comhoibriú le sochaí shibhialta na hAfraice d'fhonn a ról a ghlacadh maidir le fás eacnamaíoch, dul chun cinn sóisialta agus forbairt an daonlathais san Afraic a shaothrú, a bhuí leis an eolas agus leis an bhfios gnó atá bainte amach aige thar na blianta agus aird chuí á tabhairt ar neamhspleáchas na ngeallsealbhóirí. Mar chuid den ghníomhaíocht shonrach a rinne Coiste Leantach AE-ACC, fuair CESE taithí shuntasach maidir leis an gcaidreamh leis an Afraic le 20 bliain anuas, a bhuí leis na tionscnaimh iomadúla a seoladh agus na misin éagsúla a rinneadh i roinnt tíortha san Afraic. Ní mór an taithí sin a chaomhnú, leanúint di agus í a chur chun cinn. Tríd an ngníomhaíocht sin, tá acmhainneacht luachmhar ag an gCoiste agus ag a chomhpháirtithe Afracacha cuidiú le hidirphlé sibhialta, sóisialta agus polaitiúil a chur chun cinn agus sochaithe sibhialta na hAfraice a spreagadh, lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta a neartú.

1.15. Athdhearbhaíonn CESE go láidir an moladh a rinne sé don Choimisiún ionstraimí airgeadais a chur ar fáil chun tacú le cláir agus tionscadail le haghaidh staidéir agus anailísí fadbhreathnaitheachta ar réaltacht phraiticiúil eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus na gcomhpháirtithe sóisialta i Stáit ACC, agus sa chás seo san Afraic, á áirithiú go gcuirfear a riachtanais san áireamh maidir leis na scileanna is gá a fháil chun ról ceannasach a bheith acu, maidir lena bhfóntacht theicniúil agus maidir le cur chun feidhme na sásraí institiúideacha dá bhforáiltear.

1.16. Leanfaidh CESE, faoina shainchúram, dá chuid oibre chun eagraíochtaí sochaí sibhialta agus comhpháirtithe sóisialta na hAfraice a chur chun cinn agus chun tacú leo trí chabhrú leo a gcumais institiúideacha a bhunú, a eagrú agus gníomhú ina leith agus páirt a ghlacadh iontu, d'fhonn rannchuidiú le cuspóir an Aontais athléimneacht an daonlathais san Afraic a mhéadú.

1.17. Ina chuid oibre, glacfaidh CESE mar threoirphrionsabal go bhfuil dlúthbhaint idir cur chun cinn na gceart sibhialta, polaitiúil, sóisialta, eacnamaíoch agus cultúrtha agus an fás eacnamaíoch agus an dul chun cinn sóisialta. Cé gur saincheisteanna íogaire iad sin i roinnt tíortha san Afraic, is dlúthchuid de chultúr daonlathach iad cearta na mban, comhionannas inscne agus gnéaschlaonadh, agus ba cheart don Aontas Eorpach, ina chomhpháirtíocht leis an Afraic, forbairt a spreagadh sa réimse sin, agus é á chur san áireamh go dtarlaíonn úinéireacht chultúrtha ar chineálacha nua caidrimh ag an bpobal ina iomláine go mall agus de réir a chéile.

1.18. Is díol sásaimh do CESE gur síníodh, an 17 Iúil 2024, Meabhrán Tuisceana le Comhairle Eacnamaíoch, Shóisialta agus Chultúrtha an Aontais Afracaigh (ECOSOCC), rud atá, dar leis, ríthábhachtach chun rannchuidiú na sochaí sibhialta leis an gcomhpháirtíocht idir an Eoraip agus an Afraic a neartú.

2. **Barúlacha ginearálta maidir le luachanna coiteanna daonlathacha**

2.1. Tá gné pholaitiúil ag baint le bearta chun daonlathas a thógáil agus a neartú trí chomhar ach is cuid láidir iad freisin den idirphlé sibhialta agus sóisialta agus de chruthú institiúidí leordhóthanacha le haghaidh rannpháirtíocht eagraíochtaí agus gluaiseachtaí saora agus neamhspleácha na sochaí sibhialta, chomh maith le hidirphlé sóisialta idir comhpháirtithe sóisialta.

2.2. Tá nasc láidir doscartha idir timpeallacht dhaonlathach, ar thaobh amháin, agus fás eacnamaíoch, inbhuanaitheacht comhshaoil agus dul chun cinn sóisialta, ar an taobh eile, a fhreagraíonn dá chéile agus a bhuanaíonn a chéile.

2.3. Is gnéithe riachtanacha de rannpháirtíocht na saoránach iad cur chun feidhme beartas poiblí iomchuí agus muinín na ndaoine in institiúidí daonlathacha. Is sócmhainn dheacair í an mhuinín sin sna hinstitiúidí a choinneáil ar bun agus, a luaithe a chailltear í, tógann sé tamall fada í a athbhunú.

2.4. Sa chomhthéacs sin, athdhearbhaíonn CESE gur príomhluachanna coiteanna iad cearta uilíocha an duine, amhail cearta bunúsacha saothair, an tsaoirse chun gnó a sheoladh, an ceart chun comhshaoil fholláin agus an smacht reachta. In éineacht leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna), is íoschaighdeán iad do chláir forbartha a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta agus tá siad mar bhonn do chomhpháirtíocht chomhionann don fhorbairt ([2]).

([2]) IO C 429, 11.12.2020, lch. 105.

2.5. Tá bagairt mhór ar an daonlathas ar fud an domhain. Aontaíonn CESE le Parlaimint na hEorpa nach mór don Aontas a bheith go hiomlán ullamh chun cur i gcoinne theacht chun cinn agus thionchar diúltach an údarásaíochais, an neamhliobrálachais agus an antoisceachais, chomh maith leis na rioscaí do chosaint chearta an duine agus na hionsaithe a dhéantar níos minice ar uilíocht chearta an duine, an daonlathais, an smachta reachta agus an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta ([3]). Chuir sé i bhfios go láidir freisin go raibh an t-éilliú ina bhagairt don daonlathas agus go raibh gá le dul i ngleic leis.

3. **Barúlacha sonracha**

3.1. ***An staid reatha san Afraic***

3.1.1. Go hinmheánach, tá mór-roinn na hAfraice an-ilchineálach, go háirithe mar gheall ar na leibhéil éagsúla forbartha eacnamaíche ina tíortha, éagsúlacht a n-institiúidí polaitiúla agus na difríochtaí sna dúshláin eacnamaíocha, shóisialta agus pholaitiúla atá rompu, fiú má tá siad mar chuid de chreat comhchoiteann, i.e. náisiúin a eascraíonn as próisis díchoilínithe. Tá dinimic dhaonlathach éagsúil ag an mór-roinn chéanna, sa mhéid is nach bhfuil patrún ná treocht aonfhoirmeach á leanúint aici ina cúinsí reatha ná ina staid tosaigh, ós rud é go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta i roinnt stát nó réigiún a bhfuil daonlathais athléimneacha forbartha acu, i gcásanna eile bhí cúlchéimniú ann a ghlacann cion suntasach uaireanta.

3.1.2. Ar fud an domhain, is próiseas é dearbhú an daonlathais a bhíonn ag idirghníomhú le forbairt agus le dáileadh an rachmais. I gcás níos sonraí na hAfraice, ba thábhachtach, i gcomhthráth le cur chun cinn an daonlathais agus na n-institiúidí daonlathacha, aghaidh a thabhairt ar an mbearna forbartha agus ar na heasnaimh i ndáileadh an rachmais.

3.1.3. De réir an Afrobarometer, tá saoránaigh na hAfraice tiomanta don daonlathas, do chuntasacht gníomhaithe polaitiúla agus don smacht reachta agus, cé go gcreideann go leor gur có®as daonlathas atá i réim ína dtír féin, níl siad sásta leis an leibhéal daonlathais ([4]). Tá tacaíocht na ndaoine don daonlathas níos mó san Afraic ná in áiteanna eile ar domhan, cé go bhfuil laghdú tagtha uirthi le deich mbliana anuas, é ag dul ar gcúl i dtíortha áirithe, ach is mó glacadh atá ann leis an gcumhacht mhíleata ([5]).

3.1.4. I dtíortha go leor san Afraic, is é tuiscint atá ann go bhfuil feidhmíocht náisiúnta faoi bhun an mheáin dhomhanda i réimsí tábhachtacha e.g. easpa éillithe, an gá atá le forfheidhmiú an dlí, neamhspleáchas na mbreithiúna, toghcháin inchreidte, agus láithreacht na n-údarás tofa ([6]).

3.1.5. Tá an Afraic buailte ag easnaimh mhóra i réimse an bhonneagair chriticiúil, rud atá ríthábhachtach chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach, go háirithe in earnálacha an uisce agus na sláintíochta, an fhuinnimh, an iompair agus na cumarsáide agus na teicneolaíochta faisnéise. Ní mór ról ceannasach a bheith ag an gcomhpháirtíocht idir an Eoraip agus an Afraic i bhforbairt na mbonneagar sin.

3.1.6. Tá an díospóireacht maidir le conas an daonlathas a neartú san Afraic fós oscailte, é ar scaradh gabhail idir treochtaí a chuireann chun cinn cur chun feidhme mhúnla daonlathais an Iarthair agus Eora-Mheiriceánach agus físeanna ina n-áitítear gur cheart é a oiriúnú nó gur cheart ceann eile, go háirithe ceann Afracach, pobalbhunaithe agus rannpháirtíoch a chruthú. Pé ar domhan é, tá saintréithe ginearálta ag roinnt leis an daonlathas, eadhon an tsaoirse, an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, an smacht reachta agus scaradh na gcumhachtaí, guth agus rannpháirtíocht na sochaí sibhialta, agus forbairt an duine.

3.1.7. Aithníonn CESE na hiarrachtaí móra atá déanta ag muintir na hAfraice ó bhí rabharta an daonlathaithe ann sna 1990idí chun institiúidí daonlathacha a thógáil, agus is mór aige na hiarrachtaí sin. Cé gur reáchtáil formhór thíortha na mór-roinne toghcháin ilpháirtí, ní mór do go leor acu ról na bparlaimintí a neartú agus muinín an phobail i bhfeidhmiú na n-institiúidí daonlathacha náisiúnta a mhéadú.

([3]) Cearta an duine agus an daonlathas ar domhan agus beartas an Aontais Eorpaigh i leith an ábhair – tuarascáil bhliantúil 2023, mír 3.

([4]) Zamfir, Ionel, *EU support to democracy and good governance in Africa*, nóta faisnéise ó Sheirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa, Samhain 2017.

([5]) Afrobarometer, *African insights 2024: Democracy at risk – the people's perspective*.

([6]) An Institiúid Idirnáisiúnta um Dhaonlathas agus um Chúnamh Toghchánach, *The Global State of Democracy Report*, leagan 7. 1, 2003. Sonraí arna gcur i láthair ag A. SHARAMO ag an éisteacht arna heagrú ag CESE i ndáil le hullmhú na tuairime seo.

3.1.8. Tá an dea-rialachas, an daonlathas, an urraim do chearta an duine, an ceartas agus an smacht reachta curtha san áireamh ag an Aontas Afracach sa Chlár Oibre atá acu i gcomhair 2063.

3.1.9. Tá an dea-rialachas sin faoi réir sásra athbhreithnithe piaraí, rud is díol sásaimh do CESE, rud a leagann béim CESE ar an tábhacht atá leis. Is creat deonach Afracach amháin é a dhéanann measúnú ar rialachas agus a fhíoraíonn go gcomhlíontar gealltanais ón Afraic agus gealltanais idirnáisiúnta, go háirithe i réimsí an daonlathais agus an rialachais pholaitiúil agus eacnamaíoch, an rialachais gnó agus na forbartha socheacnamaíche, trí bhíthin tuairisciú poiblí agus cláir ghníomhaíochta náisiúnta. Is díol sásaimh do CESE go bhfuil an sásra sin tógtha ag Stáit na hAfraice agus iarrann sé orthu leanúint orthu á chur chun feidhme.

3.1.10. D'fhéadfadh an Eoraip ról comhpháirtíochta a imirt le samhlacha daonlathacha Afracacha a fhorbairt a fhreagraíonn do mhian na saoránach, daoine óga go háirithe.

3.1.11. Tá dlúthbhaint idir cur chun cinn na hoibre cuibhiúla agus an fhorbairt dhaonlathach. Is tábhachtach go gcuirfidh an tAontas agus an Afraic forbairt na gcaighdeán agus na n-ionstraimí chun cinn faoi choimirce na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS), lena n-áirítear go háirithe na coinbhinsiúin bhunúsacha.

3.1.12. Baineann nádúr neamhfhoirmiúil an gheilleagair phríobháidigh atá i réim i bhformhór thíortha na hAfraice, an bonn den iomaíocht chóir agus cuireann sé go mór leis na leibhéil arda neamhshláine post, bochtaineachta agus leochaileachta sóisialta, rud a imríonn tionchar ar an tsochaí féin agus ar an gcaidreamh laistigh di. Trí ghníomhaíocht eacnamaíoch a chur ar bhonn foirmiúil, neartaítear neamhspleáchas na sochaí sibhialta agus muinín fhrithpháirteach idir saoránaigh, gníomhaithe eacnamaíocha agus an stát. Ar an ábhar sin, tá CESE ag iarraidh go gcuirfí chun feidhme go héifeachtach Moladh 204 ó EIS maidir leis an aistriú ón ngeilleagar neamhfhoirmiúil go dtí an geilleagar foirmiúil ([7]).

3.1.13. Mar gheall ar il-láithreacht an gheilleagair neamhfhoirmiúil, áit laghdaithe na n-earnálacha eacnamaíocha nua-aimseartha agus na fadhbanna a eascraíonn as sin sa chaidreamh idir an stát agus na saoránaigh, tá na tíortha sin i mbaol neamhionannais shóisialta atá ag dul in olcas, go mbíonn sé deacair orthu leas a bhaint as a ndíbhinn dhéimeagrafach, rud a chuireann deiseanna luachmhara ar fáil d'aos óg na hAfraice. Dá bhrí sin, is ródhócha an dochar d'fhorbairt an daonlathais a bheith ina fháinne fí.

3.1.14. Tá ábhar imní in anailísí go leor ar fhorbairt dhaonlathas na hAfraice. De réir na hachoimre ar Thuarascáil Taighde Pharlaimint na hEorpa ó 2017, tá bac ar fhorbairt dhaonlathach na mór-roinne mar gheall ar threochtaí i roinnt tíortha, ach ní i ngach tír, má tá cáilíocht na dtoghchán fós íseal, cumhacht na bpáirtithe ceannasacha ag méadú leis go mór, ionramháil á déanamh ar thoghcháin agus iad cam calaoiseach, agus rórialú na meán agus na mbreithiúna ag plúchadh chead na ndaoine chun easaonaithe. Sa chomhthéacs sin, athdhearbhaíonn CESE a thábhachtaí atá inchreidteacht na bpróiseas toghcháin agus éifeachtacht na misean breathnóireachta.

3.1.15. Cruthaíonn comhchruinniú cumhachtaí an foras ceart don *coup d'état*, agus tugann an dílárú deis na próisis dhaonlathacha a dhéanamh níos cuimsithí agus rannpháirtíocht na saoránach a mhéadú.

3.1.16. Le blianta beaga anuas, is minice *coup* ann nó iarrachtaí ar coup, treocht nach mór a thuiscint agus a chur san áireamh sna gníomhaíochtaí a dhéanfaidh institiúidí an Aontais san am atá le teacht.

3.1.17. San Afraic, tá go leor fadhbanna ag cur isteach ar an aistriú chuig an daonlathas, fadhbanna a bhíonn fite fuaite le chéile i gcásanna áirithe:

— ní éiríonn chomh maith céanna le tíortha ina bhfuil rialtais éagobhsaí ó thaobh forbairt shóisialta agus eacnamaíoch de;

— mar gheall go mbíonn an t-arm atá i gceannas feiceálach ar an láthair ar feadh i bhfad, is minic a bhraitheann daoine nach féidir aistriú daonlathach a dhéanamh gan an lámh láidir;

— bíonn gníomhaithe eachtracha ag cur leis an mbréagaisnéis;

— Ó tá na hinstitiúidí polaitiúla leochaileach ar an éilliú, rud is fíor freisin faoin ngeilleagar agus an tsochaí, bíonn an saobhadh an dul i gcion orthu;

— Tá laghdú ag teacht ar an spás atá ann le haghaidh na sochaí sibhialta.

([7]) Moladh arna fhormheas ag an gComhdháil Idirnáisiúnta Saothair ag an 104ú seisiún dá cuid, a tionóladh sa Ghinéiv an 12 Meitheamh 2015: féach https://www.ilo.org/resource/ilc/104/recommendation-no-204-concerning-transition-informal-formal-economy.

3.2. ***An Afraic agus an gheopholaitíocht dhomhanda***

3.2.1. Is é an tAontas príomh-chomhpháirtí na hAfraice i gcónaí maidir le comhar um fhorbairt, infheistíocht agus trádáil.

3.2.2. Dar le gníomhaithe éagsúla san Afraic, idir ghníomhaithe rialtais agus ghníomhaithe sa tsochaí shibhialta, tá cur chuige an Aontais i leith na hAfraice rómhaorlathach. Ní mór an dearcadh sin a cheartú, rud a spreagfaidh cumas an Aontais a ghníomhaíocht a mhodhnú de réir na dtimpeallachtaí ina bhfuil sé beartaithe aige comhar a fhorbairt.

3.2.3. In 2021, sheol an tAontas, faoin ainm Global Gateway, straitéis infheistíochta a bhfuil tábhacht ar leith ag baint léi don Afraic. Le linn na tréimhse 2021-2027, geallann sé infheistíocht luach suas go EUR 300 billiún i bhfeabhsú an bhonneagair dhigitigh, an fhuinnimh agus na nasc iompair, chomh maith le córais sláinte, oideachais agus taighde a neartú ar fud an domhain. Cuirfidh sé sin suas go EUR 150 billiún ar fáil le haghaidh infheistíochtaí ar mhór-roinn na hAfraice. Mar a luaitear sa tuairim maidir leis an straitéis sin ([8]), déanann CESE an méid seo a leanas:

— Tá sé den tuairim go neartóidh Global Gateway na naisc eacnamaíocha agus pholaitiúla le tíortha comhpháirtíochta an Aontais, rud a chinnteoidh go n-urramófar prionsabail dhaonlathacha agus shóisialta an Aontais agus go mbeidh sé in ann dul san iomaíocht go héifeachtach ar fud an domhain chun bonneagar a sholáthar.

— Tá sé á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé cláir infheistíochta Global Gateway a bhunú ar mheasúnuithe tionchair, rud lenar cheart ní hamháin gnéithe den leas straitéiseach agus geopholaitiúil a chumhdach, ach rannpháirtíocht dhaonlathach i dtionscnaimh forbartha i dtíortha comhpháirtíochta agus inbhuanaitheacht eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil na dtionscadal a áirithiú freisin.

3.2.4. Cé go bhfuil rún daingean ag earnáil phríobháideach na hEorpa páirt a ghlacadh i bpróiseas na forbartha eacnamaíche san Afraic, tá bacainní institiúideacha nach beag fós ann ó thaobh an chreata dhlíthiúil agus chosaint na hinfheistíochta de, tá fadhbanna daingnithe éillithe sa tsochaí mar gheall ar easpa ceartais neamhspleách, agus, ó thaobh na forbartha de, tá easnaimh ann e.g. bearna i scileanna an lucht saothair agus an easpa bonneagair, nithe ar féidir aghaidh a thabhairt orthu trí chomhpháirtíochtaí agus trí chomhar.

3.2.5. Tá CESE ag iarraidh ar institiúidí na hEorpa agus na hAfraice tús áite a thabhairt don chomhar idir an Eoraip agus an Afraic sa chomhrac i gcoinne an éillithe gona éifeachtaí díchobhsaitheacha ar chúrsaí geilleagair agus ar an tsochaí.

3.2.6. Is oth le CESE go raibh easpa tuisceana ag an Aontas Eorpach le fada anuas ar an luach atá le ról geopholaitiúil agus straitéiseach mhór-roinn na hAfraice. Is measaide n t-easnamh sin na straitéisí meargánta atá ag cuid de stáit na hEorpa agus na laigí a eascraíonn astu i stiúradh chomhbheartas seachtrach an Aontais. Chuir an obair a rinne roinnt tíortha neamh-Eorpacha sa réigiún go mór leis an bhfadhb sin. Is amhlaidh atá i gcás ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise, agus i gcás infheistíochtaí ollmhóra na Síne faoina straitéis gheopholaitiúil don Afraic.

3.2.7. Is í straitéis idirnáisiúnta na Síne, rud atá á chun feidhme trína Tionscnamh 'Crios Amháin, Bóthar Amháin', agus an Rúis, is cúis leis an mbaol go ndéanfaí cúlchéimniú daonlathach ar mhór-roinn na hAfraice, go príomha trí chuideachtaí náisiúnta, lena n-áirítear cuideachtaí paraimíleatacha, ina measc sin Wagner.

3.2.8. Ní hionann agus an tAontas Eorpach, níl a mbeartas idirnáisiúnta bunaithe ag an dá thír sin ar luachanna uilíocha agus, dá bhrí sin, tá stádas mar chomhpháirtithe faoi phribhléid acu ina gcaidreamh le réimis uathlathacha nó le rialtais a bhfuil gealltanais pholaitiúla agus/nó eacnamaíocha tugtha acu ina leith.

3.3. ***An caidreamh idir an tAontas agus an Afraic***

3.3.1. Luaitear in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach go mbeidh gníomhaíocht an Aontais ar an ardán idirnáisiúnta bunaithe ar na luachanna a spreag a fhondúireachtaí féin, lena n-áirítear dínit an duine, an tsaoirse, an daonlathas, an comhionannas, an smacht reachta agus urraim do chearta an duine.

([8]) IO C, C/2024/1574, 5.3.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/C/2024/1574/oj?eliuri=eli%3AC%3A2024%3A4062%3Aoj&locale=ga.

3.3.2. De réir Straitéis Chomhpháirteach AE-an Afraic, lena gcuirtear creat cuimsitheach fadtéarmach ar fáil don chaidreamh idir an Afraic agus an tAontas, is iad na prionsabail a threoraíonn a gcomhpháirtíocht aontacht na hAfraice, a caidreamh idirspleáchais leis an Eoraip, an chomhúinéireacht agus an fhreagracht, agus urraim do chearta an duine, prionsabail dhaonlathacha, an smacht reachta agus an ceart chun forbartha.

3.3.3. Mar chuid den straitéis sin, is féidir leis an Aontas Eorpach agus leis an Afraic obair as lámh a chéile chun deiseanna a thapú, aghaidh a thabhairt ar dhúshláin, agus gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm lena n-áiritheofar cobhsaíocht, síocháin, slándáil, cearta an duine, daonlathas, comhionannas inscne, slite beatha inbhuanaithe, fás eacnamaíoch inbhuanaithe bunaithe ar éiceachórais shláintiúla, comhtháthú sóisialta agus dea-rialachas.

3.3.4. Is laistigh den chreat ginearálta sin a rinne an tAontas Eorpach agus Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ESACC) Comhaontú Shamó a thabhairt i gcrích i mí na Samhna 2023, comhaontú ina n-éilítear comhpháirtíocht chomhionann. Dealraíonn sé, áfach, go bhfuil struchtúir chomhpháirtí na hAfraice níos leochailí sa chleachtas, go bhfuil níos lú inniúlachtaí polaitiúla acu agus nach bhfuil acmhainní a ndóthain acu. Tá na hacmhainní atá ar fáil do ESACC i bhfad níos ísle ná na hacmhainní atá ar fáil don Aontas Eorpach. I bhfianaise na héagothromaíochta sin, molann CESE don Aontas sásraí a fhorbairt lena ndéanfar an caidreamh idir an dá pháirtí a athchothromú.

3.3.5. Creideann CESE, má tá Comhaontú Shamó le cur chun feidhme i gceart, gur cheart do na páirtithe teacht ar chomhaontú maidir le táscairí dul chun cinn.

3.3.6. Leis an gComhdhearcadh nua maidir le Forbairt, a d'fhormheas an Coimisiún, an Chomhairle, an Pharlaimint agus an tArdionadaí go comhpháirteach i mí an Mheithimh 2017, cuirtear an daonlathas i gcomhthéacs níos leithne na mbeartas forbartha.

3.3.7. Áirítear ar na conclúidí ón gComhairle i ndáil le Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas 2020-2024 sochaithe athléimneacha cuimsitheacha daonlathacha a thógáil agus córas domhanda do chearta an duine agus don daonlathas a chur chun cinn mar cheann de na tosaíochtaí atá aige.

4. **CESE agus sochaí shibhialta na hAfraice**

4.1. Sa chomhthéacs sin, seo í an phríomhcheist: conas is féidir le CESE rannchuidiú le luachanna daonlathacha a chur chun cinn agus le córais dhaonlathacha a chosaint san Afraic, ó thaobh Chomhaontú Shamó agus na comhpháirtíochta idir an tAontas agus an Afraic de?

4.2. Ba cheart aird a thabhairt ar an ról atá ag an bhforbairt shóisialta agus eacnamaíoch agus ag an spás sibhialta maidir le daonlathais athléimneacha a thógáil.

4.3. Chuige sin, athdhearbhaíonn CESE nach mór urraim do chearta uilíocha an duine, cearta is luachanna coiteanna bunriachtanacha, a bheith mar bhonn d'aon tiomantas polaitiúil i gcomhpháirtíocht forbartha comhionainne leis an Afraic ([9]).

4.4. Tá CESE cinnte, faoi mar a luaitear sa tuairim uaidh maidir leis an Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle dar teideal *A New Start for the Africa-EU Partnership*, gur féidir leis rannchuidiú go bunúsach leis an daonlathas agus le cearta an duine in éineacht le hionadaithe aitheanta ón tsochaí shibhialta (ardán, fóram, saorálaithe) agus comhpháirtithe sóisialta san Afraic ([10]).

4.5. Is é Comhaontú Shamó agus, go háirithe, an Chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an Afraic an creat atá le cur san áireamh. Foráiltear sa chomhaontú go mbeidh sásraí institiúideacha ann lena gcuirfear spás struchtúrtha ar fáil do rannpháirtíocht na sochaí sibhialta trí idirphlé sibhialta agus sóisialta, ar próiseas é a bhfuil taithí fhada ag CESE air.

4.6. Is céim an-tábhachtach chun an ranníocaíocht sin a chomhdhlúthú é an Meabhrán Tuisceana a shínigh CESE agus Comhairle Eacnamaíoch, Shóisialta agus Chultúrtha (ECOSOCC) an Aontais Afracaigh an 17 Iúil 2024. Neartóidh an dá institiúid an comhar atá eatartha, trí bhíthin na comhpháirtíochta straitéisí idir an tAontas Afracach agus an tAontas Eorpach a athdhearbhú, trí idirphlé daonlathach athnuaite a chur chun cinn agus tríd an gcomhar idir sochaí shibhialta na hEorpa agus na hAfraice a neartú chun forbairt eacnamaíoch agus shóisialta a chur chun cinn, rannpháirtíocht na sochaí sibhialta a dhoimhniú agus sprioc na forbartha inbhuanaithe a shaothrú.

([9]) IO C 429, 11.12.2020, lch. 105, mír 1.1.
([10]) IO C 237, 6.7.2018, lch. 666.7.2018, lch. 66, pointe 1.4.

4.7. Cé gur gá don stát agus don tsochaí shibhialta a chéile a threisiú, is minic a fheictear iad mar naimhde san Afraic, agus ceannairí reatha ag cur i leith na sochaí sibhialta go bhfuil siad ag iarraidh iad a dhíchobhsú agus a threascairt. Éilíonn an malartú ar bharr dhréimire na cumhachta, rud a bhfuil géarghá leis, leanúnachas institiúideach is gá a neartú, lena soiléirítear réimsí na hidirghabhála a bhaineann go sonrach leis an stát agus leis an tsochaí shibhialta, gan achrann a bhfuil fáilte roimhe ar an ardán polaitiúil a chur as an áireamh.

4.8. Braitheann an tsochaí shibhialta ar thionscnaimh ó na saoránaigh chun teacht ar réitigh ar na fadhbanna sóisialta agus comhshaoil atá os comhair an phobail. Glacann meon seo an tionscnaimh le gach cineál foirmeacha struchtúracha agus léiríonn sé go bhfuil timpeallacht dhaonlathach ann nach nglacann rialtais fhorlámhacha léi agus go minic déanann siad iarracht toirmeasc a chur uirthi.

4.9. Déantar prionsabal na sochaí sibhialta láidre a chomhdhlúthú san am céanna ar an leibhéal forbartha. I dtíortha áirithe, is ar bhonn eitneach a eagraítear an tsochaí shibhialta. Sin a bheith bunaithe ar an tsaoránacht, is é ba cheart a chur chun cinn.

4.10. Mar a luadh cheana maidir leis an gcaidreamh idir an tAontas agus tíortha ACC, tá sé d'aidhm ag CESE na sásraí institiúideacha atá beartaithe a chur chun feidhme agus tacú le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus leis na comhpháirtithe sóisialta agus iad a chur chun cinn, ag aithint dó go bhfuil ról ceannasach ag na gníomhaithe sin maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, go háirithe i gcomhthéacs Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 17 de chuid na Náisiún Aontaithe ([11]).

4.11. Creideann CESE gur rud ríthábhachtach an comhar le Comhairle Eacnamaíoch, Shóisialta agus Chultúrtha an Aontais Afracaigh chun straitéis struchtúrtha a bhunú agus chun a áirithiú gur féidir leanúint de rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí sa chomhpháirtíocht idir an tAontas Eorpach agus an tAontas Afracach.

4.12. Ar a mhuin sin, coinneoidh CESE a chaidreamh le hAontas Chomhairlí Eacnamaíocha agus Sóisialta na hAfraice (UCESA) trí láithreacht chómhalartach ag a n-imeachtaí féin nó trí rannpháirtíocht i dtionscadail chomhpháirteacha.

An Bhruiséil, an 4 Nollaig 2024

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE

([11]) IO C 443, 22.11.2022, lch. 29, mír 1.9.